STAIR NA HÉIREANN I 100 RÉAD, ROGHA DÍOBH

PLEAN CEACHTA RANG 5 AGUS 6

Toirc na Teamhrach c.1200RC

An áit ina bhfuil an réad seo le feiceáil

Ard-Mhúsaem na hÉireann – Seandálaíocht, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2
Cliceáil anseo chun tuilleadh eolais a fháil

Cuir cuairt ar an músaem in áirithe

Cliceáil anseo chun tuilleadh eolais a fháil

NAISC CHURACLAIM

Stair

Sraith:	Scéal
Aonad Sraithe:	Scéalta faoi shaol daoine a mhair san am atá caite
Sraith:	Daoine de chuid luath-thréimhsí agus sochaithe ársa
Aonad Sraithe:	Pobail Chlochaoise

Gaeilge

Sraitheanna:	Teanga labhartha; scríbhneoireacht
Aonad Sraithe:	Mothúcháin agus samhlaíocht a fhorbairt trí theanga

Drámaíocht

Sraith:	Drámaíocht trína scrúdaítear mothúcháin, eolas agus smaointe, rud as a leanann tuiscint
Aonad Sraithe:	Comhoibriú agus cumarsáid le linn dráma a chumadh

ACMHAINNÍ

- Pinn luaidhe/pinn, cóipleabhair.

CUSPÓIRÍ

- Tosú ag obair amhail is gur staraí tú.
- Breathnú ar an réad ar mhodh atá bunaithe ar fhianaise.
- Feabhas teicniúil na dtorc a thuiscint.
- Eolas a fháil faoin tábhacht agus faoin siombalachas a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo.
- Tú féin a chur in ionad na ndaoine a chaith na toirc agus na ndaoine a chonaic na toirc agus iad á gcaitheamh.
- Aitheantas a thabhairt do na naisc idir saol na ndaoine an tráth sin agus saol na ndaoine sa lá atá inniu ann.

MEASÚNACHT

Leathán oibre gníomhaíochta
Scríbhneoireacht chruthaitheach

DIFREÁIL

Leathán oibre gníomhaíochta
Drámaíocht

CEACHT

- Taispeáin íomhá de Thoirc na Teamhrach.

Plé A (tuairimíocht)

- Céard iad na réada seo, dar leat?
- Conas a úsáideadh iad?
- Cén aois iad, dar leat?
- Cad as a bhfuil siad déanta?

Léigh scéal Thoirc na Teamhrach

Moltar go n-éisteann na leanaí gan an téacs a fheiceáil ar an scáileán, rud is féidir leo a dhéanamh níos déanaí.

Plé B

- Céard iad toirc?
- Cathain a rinneadh na toirc seo?
- Cén cineál daoine a chaith na toirc seo?
- Cén uair a chaithfí iad?
- Cén fáth gur caitheadh iad?
- Dá mbeifeá beo an tráth sin, cad a dhéanfá dá bhfeicfeá duine agus na toirc seo á gcaitheamh aige nó aici?
- Dá mbeifeá beo an tráth sin, ar mhaith leat na toirc seo a chaitheamh? Cén fáth gur mhaith leat/nár mhaith leat?

Leatháin oibre gníomhaíochta

Measúnacht
Difreáil

- Ag obair le duine eile nó i ngrúpa.
- Tugtar ceann de na leatháin oibre seo a leanas do gach grúpa

Freagraí ar cheisteanna na leathán oibre:

- Ór A (difreáilte)

  1. tearc
  2. Tóraíocht an Óir
  3. Ard-Mhúsaem na hÉireann

- Ór B

  1. Au
  2. carraigeacha, gaineamh abhann
  3. pannáil

- Tugann na grúpaí/péirí tuairisc don rang.

CEACHTANNA BREISE

Scríbhneoireacht chruthaitheach

Measúnacht

- Tá cónaí ort i dTeamhair sa bhliain 1200RC. Is leatsa ceann amháin de na toirc agus tá sé á chaitheamh agat inniu le haghaidh ócáid an-speisialta. Déan cur síos ar an lá – gléasadh suas, ag déanamh réidh, ag siúl amuigh faoin aer etc.
- Tá cónaí ort i dTeamhair sa bhliain 1200RC. Is gnáthdhuine tú. Lá speisialta atá ann inniu – beidh deis agat na toirc a fheiceáil inniu agus iad á gcaitheamh!

Drámaíocht – diancheistiú

Differentiation

- Let's pretend! One pupil becomes the owner of the torcs. The other pupils are ordinary people, living and working in and around Tara. They question her/him about how this came about, why this came about, how often they wear the torcs, where they keep them, how it makes them feel when they wear them etc.

Drámaíocht – fráma reoite

Difreáil

- Bímis ag cur i gcéill! Gníomhaíonn ceathrar nó cúigear daltaí mar dhaoine sa lucht féachana i dTeamhair nuair atá na toirc á gcaitheamh. Ligean pearsana an ghrúpa orthu féin go bhfuil siad reoite. Is féidir daoine ar leithligh a athbheochan trí bhuille beag a bhualadh ar a ngualainn duine. Freagraíonn siad ceisteanna, á rá cad air a bhfuil siad ag féachaint, conas a mhothaíonn siad etc.

Réada a chuireann na daltaí ar fáil

- Iarr ar na daltaí réada atá tábhachtach ina stair theaghlaigh féin a thabhairt isteach leo.

  A. Déan físeán de na daltaí agus iad ag caint faoina réada.

  B. Cruthaigh fóta-scéal trí úsáid a bhaint as réada na ndaltaí. Tá naisc le fáil thíos le háiteanna ina bhfaighfear mínithe ar fhóta-scéal agus ar bhlagáil. Labhraíonn na daltaí faoi na híomhánna ina bhfeictear iad féin agus an réad. Téigh ó dhalta go dalta. Beidh gach dalta sa rang le feiceáil agus le cloisteáil sa chur i láthair.

Seirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí: Conas úsáid a bhaint as fóta-scéal
Conas do fhóta-scéal a bhlagáil

Cuirtear A nó B ar fáil ar láithreán gréasáin na scoile.

Stair áitiúil

- An bhfuil réad is díol spéise ann i gceantar na scoile?